



General Certificate of Secondary Education
2024

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--	--

Matamaitic

Aonad M6 Páipéar 2

(Le háireamhán)

Bonnsraith



MV24/IM

[GMC62]

DÉ LUAIN 3 MEITHEAMH, 10.45 am–11.45 am

Am

1 uair an chloig, agus an t-am breise atá ceadaithe duit.

Treoir d'Iarrthóirí

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Ní mór duit na freagraí a scríobh sna spásanna chuige sin.

Ná scríobh ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar.

Comhlánaigh le dúch dubh amháin.

Freagair **gach ceann** de na **sé cheist déag**.

Ba chóir do chuid oibre uilig a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin. Is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

Tá cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

Eolas d'Iarrthóirí


Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ag deireadh gach ceiste na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.


Ba chóir go mbeadh áireamhán, rialóir, compás agus uillinntomhas agat. Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 3.

Bileog Foirmlí

$$\text{Achar traipéisiam} = \frac{1}{2} (a + b)h$$





$$\text{Toirt priosma} = \text{achar trasghearrtha} \times \text{fad}$$



Leathanach Bán


1 (a) Méadaíodh Cearnóg **A** le Cearnóg **B** a dhéanamh.

Cad é fachtóir scála an mhéadaithe?
[1 mharc]




Freagra _____

(b) Déanann Sammy an cruth thíos a mhéadú.



Seo méadú Sammy.



Cé acu ráiteas atá ceart? [1 mharc]

A Tá méadú Sammy ceart.

B Ní thig linn a rá cé acu atá méadú Sammy ceart cionn is nach bhfuil a fhios againn an fachtóir scála atá in úsáid.

C Tá méadú Sammy mícheart.

Freagra _____

2 Ba mhaith le Morgan go ndéanfaí pacáiste trom a sheachadadh 28 míle ar shiúl.

Tá dhá rogha aici.

Seachaid ansin é

£35 ar fhad slí suas le 20 míle, agus £2.50 an míle sa bhreis

Réidh le dul go háitiúil

£42.50, móide £9.50 d'fhaid slí idir 25 míle agus 40 míle

Cé acu an rogha is saoire agus cá mhéad
níos saoire atá sí? [4 mharc]

Freagra _____
atá _____ níos saoire.

3 (a)

°C	-5	5	15	25	35
°F	23	41	59	77	95


Úsáid an tábla leis an ghraf tiontaithe a tharraingt ó °C (ceinteagrád) go dtí °F (Fahrenheit) ar an eangach thall.
[3 mharc]

(b) Úsáid do ghraf le 22°C a thiontú go °F.
[1 mharc]

Freagra _____ °F

(c) Úsáid do ghraf le 27°F a thiontú go °C.
[1 mharc]

Freagra _____ °C




4 Aimsítear gach uimhir nua i seicheamh ag úsáid na rialach

roinn ar 3 agus ansin dealaigh 5

Oibrigh amach an chéad dá uimhir eile sa tseicheamh seo. [2 mharc]

24, _____ , _____

- 5 Cuir síos ina iomláine ar an trasfhoirmiú **aonair** a thugann triantán **A** go triantán **B**.
[2 mharc]



Freagra _____

6



Tá Peadar ag líonadh cannaí peitрил 5-lítear ó umar mór peitрил.

Tá 16 ghalún san umar.

Tá a fhios ag Peadar go bhfuil
1 ghalún = 4.5 lítear.

Cá mhéad canna 5-lítear atá de dhíth air
leis an umar a fholmhú? [2 mharc]

Freagra _____ canna

7 Rith Jeaic 4 km gach lá le linn mhí an Mheithimh.

Síleann sé go bhfuil fad trí mharatón rite aige.

Tá maratón 26.2 míle ar fad.

An bhfuil an ceart aige?

Mínigh do fhreagra. [4 mharc]

Freagra _____ mar _____

- 8 Tá airdí (ina cm) de dhaltaí i rang Bhliain 1 taifeadta sa tábla thíos.

	$90 \leq h < 95$	$95 \leq h < 100$	$100 \leq h < 110$
Cailín	6	5	2
Buachaill	4	7	6

Tógtar dalta amháin go randamach as an rang.

(a) Cad é an dóchúlacht go dtógfaí [1 mharc do gach ceann]

(i) cailín darb airde $100 \leq h < 110$,

Freagra _____

(ii) buachaill,

Freagra _____

(iii) dalta darb airde $90 \leq h < 95$,

Freagra _____

(iv) cailín darb airde $90 \leq h < 100$?

Freagra _____

(b) Reáchtáiltear imeacht do dhaltaí Bhliain 1.

Freastalaíonn 600 dalta de chuid Bhliain 1 ar an imeacht.

Tomhais cá mhéad de na daltaí darb airde $100 \leq h < 110$ [2 mharc]

Freagra _____

Leathanach Bán

**(Leanann ceisteanna ar an chéad
leathanach eile)**

9 Tá líon na n-oisrí bailithe ag tumadóirí do roinnt tumthaí taifeadta.

Ainm	Líon na dtumthaí	Líon na n-oisrí a bailíodh
Dan na dTumthaí	16	84
Sam an Scúba	11	33
Tomás Tais	24	102


Cé acu tumadóir is fearr ag bailiú oisrí?
[2 mharc]

Taispeáin do chuid oibre go soiléir.

Freagra _____

mar _____

10 Oibrigh amach luach x sa pheinteagán thíos. [4 mharc]



níl an léaráid tarraingthe go cruinn

Freagra $x =$ _____ $^\circ$

11 I dtoghchán áitiúil, taifeadadh na figiúirí seo a leanas ag trí stáisiún vótála.

Stáisiún	Líon a vótáil	Líon cláraithe le vótáil
A	645	1270
B	860	1548
C	1450	3015

Den líon iomlán daoine a bhí cláraithe le vótáil, cad é an céatadán a vótáil?
[3 mharc]

Freagra _____ %

12 Déanann Tammy coirdial ag úsáid sú torthaí agus uisce súilíneach sa chóimheas 1:3

Tá 800 ml den tsú torthaí agus 2100 ml den uisce shúilíneach ag Tammy.

Cad é an méid is mó coirdial a thig léi a dhéanamh? [3 mharc]

Freagra _____ ml

13 Rollann Sorcha díisle cothrom agus caitheann sí bonn airgid cothrom.

Cad é an dóchúlacht go bhfaigheadh sí uimhir níos lú ná 5 agus Ceann?
[2 mharc]

Taispeáin do chuid oibre.

Freagra _____

14 $x^a \times x^4 = x^{12}$

Aimsigh luach a . [1 mharc]

Freagra $a =$ _____

Leathanach Bán

**(Leanann ceisteanna ar an chéad
leathanach eile)**

15 Tá réiteach idir 2 agus 5 ar an chothromóid $x^3 - 12x - 2 = 0$

Bain úsáid as modh trialach agus feabhsaithe leis an réiteach sin a fháil, ceart go dtí aon ionad de dheachúlacha.
[4 mharc]

Ní mór duit do chuid oibre uilig a thaispeáint.

x	$x^3 - 12x - 2$

Freagra $x =$ _____

16 Tá 200 dalta i mBliain 8 agus 160 dalta i mBliain 9

Tá 120 cailín i mBliain 8 agus 100 cailín i mBliain 9

Is é 0.3 an dóchúlacht go seinneann cailín uirlis cheoil.

Is é 0.25 an dóchúlacht go seinneann buachaill uirlis cheoil.

Tógtar dalta go randamach as na daltaí a sheinneann uirlis cheoil.

Cad é an dóchúlacht gur buachaill atá ann?
[4 mharc]

Freagra _____

Seo deireadh an scrúdpháipéir

FOINSÍ

Gach íomhá © CCEA mura ndeirtear a mhalairt
C6 © Getty Images

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
13	
14	
15	
16	

Marc Iomlán	
--------------------	--

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.